



GA

EUROPEAN CENTRE FOR
MODERN LANGUAGES
E C M L
C E L V
CENTRE EUROPEEN POUR
LES LANGUES VIVANTES

COUNCIL OF EUROPE

CONSEIL DE L'EUROPE

Teanga don ionad oibre – mearthreoir

**Conas cuidiú le himircigh aosaigh
scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí
oibre a fhorbairt**

Is toradh é an foilseachán seo ar an togra *Teanga don ionad oibre – Uirlisí don fhorbairt phroifisiúnta*, a bhí mar chuid de chlár 2016-19 de chuid an Lárionaid Eorpaigh um Nuatheangacha, *Teangacha ag croílár na foghlama*.

Tá sé scríofa ag baill d'fhoireann an togra, Alexander Braddell (an Ríocht Aontaithe), Matilde Grünhage-Monetti (an Ghearmáin, Comhordaitheoir Tionscadail), Christophe Portefin (an Fhrainc) agus Kerstin Sjösvärd (an tSualainn).

ADMHÁLACHA

Berg, W. and Leinecke, R. (2014), „*Deutsch habe ich im Betrieb gelernt*“. *Berufsbezogenes Deutsch im Unternehmen verankern*. Braunschweig: Network IQ Lower Saxony.

Grianghraf ar leathanach 10 le caoinchead Kartoffelmanufaktur Pahlmeyer GmbH & Co. KG

Grianghraf ar leathanach 19 le caoinchead Lars Bergström.

Buíochas le baill den Lónra Teanga don Ionad Oibre chomh maith as a gcuid athbhreithnithe agus tuairimí, Klara Bilic Mestric, Irina Mitarcheva, Deirdre Ní Loingsigh, Annemarie Nuwenhoud, Olga Orrit, Veronica Pajaro, Toon van der Ven agus Séverine Wozniak ina measc. Leagan Gaeilge le Deirdre Ní Loingsigh.

Teanga don Ionad Oibre – mearthreoir

Conas cabhrú le himircigh aosaigh scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre a fhorbairt

Braitheann an rath a bhíonn ar an imeascadh a dhéanann imircigh aosaigh cuid mhaith ar dhá chumasóir a bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile, is iad sin scileanna teanga agus fostaíocht. Bíonn scileanna teanga de dhíth ar imircigh chun fostaíocht oiriúnach a fháil agus chun dul chun cinn a dhéanamh san obair ina dhiaidh sin. Is féidir go dtiocfaidh feabhas ar scileanna teanga imirceach agus iad i bhfostaíocht.

Is féidir nach mbíonn mórán tacaíochta sa bhreis de dhíth ar imircigh a thagann leis na scileanna teanga agus na cáilíochtaí a bhíonn de dhíth orthu. Tá an tacaíocht a bhíonn de dhíth chun scileanna teanga a bhaineann leis an saol oibre a fhorbairt ríthábhachtach don líon eile imirceach, iad siúd a thagann le scileanna teanga teoranta agus gan aon cháilíochtaí aitheanta acu.

Comhairle maidir le conas an tacaíocht sin a sholáthar atá sa treoir ghearr seo.

Cé air a bhfuil an treoir seo dírithe?

Tá an treoir seo dírithe ar an lucht gairme atá ag tacú leis an imeascadh teangeolaíoch a dhéanann imircigh aosaigh. Díritear ar ghairmithe atá ag obair sna réimsí seo a leanas:

- foghlaim teangacha d'imircigh aosaigh
- cláir imeasctha d'imircigh aosaigh
- gairmoideachas agus gairmoiliúint
- oideachas aosach
- acmhainní daonna
- seirbhísí tacaíochta i margadh an tsaothair.

Cad é atá sa treoir seo?

- An tuiscint atá againn ar scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre (lch 4)
- An leibhéal scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre a bhíonn de dhíth ar imircigh (lch 5)
- Bealaí chun cabhrú le himircigh scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre a fhorbairt (lch 7)
- An saineolas a bhíonn ag teastáil chun cabhrú le himircigh forbairt a dhéanamh ar na scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre (lch 8)
- Constaicí ar fhoghlaim teanga a bhíonn roimh imircigh (lch 10)
- Cumasóirí maidir le foghlaim teanga d'imircigh (lch 12)
- Conas cabhrú le himircigh foghlaim taobh amuigh den seomra ranga (lch 14)
- Sáinn an phá ísil agus na teanga teoranta (lch 14)
- Conas tacú leis an bhfoghlaim ag an obair (lch 15), agus
- Áit ina bhfaighfeá níos mó eolais faoi conas scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre a fhorbairt (lch 19).



In ionad cúraim lae...

... Níl fhios ag Malika conas 'níl' a rá lena comhghleacaithe agus lena bainisteoir. Molann a cóitseálaí teanga di breathnú ar conas mar a deir a comhghleacaithe 'níl'. Déanann Malika amhlaidh. Sa chéad seisiún eile leis an gcóitseálaí, glacann Malika páirt i rólghníomhaíocht ina ndeir sí 'níl' lena comhghleacaithe. Féachann sí chun é sin a dhéanamh ag an obair ansin.

Cad iad na scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre?

Is éard iad scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre na scileanna a bhíonn ag teastáil ó dhaoine chun

- fostaíocht oiriúnach a fháil, tá na scileanna teanga chun dul sa tóir ar phost, gairm ré a scríobh, iarratais ar phoist, agallaimh, etc. san áireamh anseo
- cion dearfach a dhéanamh mar fhostaí, tá na scileanna teanga do thascanna sainphoist, don tsláinte agus sábháilteacht, d'obair foirne, do bhainistíocht cáilíochta, do chúram custaiméirí; do chearta freagrachtaí agus próisis fostaíochta san áireamh anseo
- dul chun cinn san obair a dhéanamh agus chun a ngairmeacha a fhorbairt, tá na scileanna teanga don oiliúint fhoirmeálta san ionad oibre, don fhoghlaim neamhfhoirmeálta san ionad oibre, don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint bhreise taobh amuigh den ionad oibre san áireamh anseo.

Is sainscileanna iad scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre

Tá sainbhaint ag scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre le

- noirm shóisialta i leith na hoibre i.e. ionchais ghinearálta faoi iompair, faoi bhealaí cumarsáide, etc. i gcomhthéacs shaol na hoibre
- reachtaíocht agus rialachán, e.g. dlí sláinte agus sábháilteachta, caighdeáin cháilíochta
- éilimh chumarsáideacha na sainréimse oibre i.e. na scileanna teanga atá riachtanach don innealtóireacht, don tsláinte agus don chúram sóisialta, don mhiondíol, teicneolaíocht faisnéise, etc.
- sain-noirm shóisialta a bhaineann le hionad oibre ar leith – i.e. le bealaí cumarsáide, ionchais iompraíochta, etc.
- éilimh chumarsáideacha an phoist aonair – a bheidh ag forbairt de réir mar a thagann athrú ar chúinsí an phoist.

Scileanna teanga san ionad oibre

San ionad oibre, ba cheart go mbeadh daoine in ann

- tuiscint a bheith acu ar a gcearta agus ar a gcuid freagrachtaí
- labhairt faoi sceidil oibre
- labhairt faoi thascanna poist
- faisnéis ó bhéal agus scríofa a phróiseáil agus a chur in iúl
- déileáil le treoracha ó bhéal agus le treoracha scríofa
- comhoibriú le daoine eile sna cúraimí seo a leanas:
 - moltaí a thairiscint
 - cabhair a thairiscint
 - cabhair a lorg
 - déileáil le haiseolas
 - idirghníomhaíocht a dhéanamh le custaiméirí
 - tuairisciú ó bhéal agus i bhfoirm scríofa

agus an-chuid eile leis!

I monarcha próiseála miotail...

... Múineann cúntóir na téarmaí a bhaineann le meaisíní agus le huirlisí d'imircigh nuafhostaithe agus iad ag glanadh suas tráthnóna Dé hAoine. Scríobhann cuid de na himircigh nuafhostaithe na hainmneacha ar stiallacha greamaitheacha agus greamaíonn siad ar na huirlisí iad. Glacann cuid eile grianghraif lena ngutháin agus cuireann siad lipéid ar na pictiúir.





I gcomhlacht teicneolaíochta faisnéise...

...Leanann fostaí imirceach comhghleacaí fad is atá an comhghleacaí sin ag déileáil le custaiméir. Ina dhiaidh sin, déanann an t-imirceach plé ar a raibh agus nach raibh tuiscint aici air leis an gcomhghleacaí agus scríobhann sí síos nathanna úsáideacha nua.

Cén leibhéal scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre a theastaíonn ó imircigh?

Beidh freagra na ceiste seo ag brath i gcónaí ar shainchúinsí, an sórt oibre agus an méid tacaíochta ar-an-bpost a bhíonn ar fáil san áireamh. I réimse an chúraim shóisialta, mar shampla, tá seans ann go mbeadh níos lú tacaíochta ar fáil don oibreoir a bhíonn ag soláthar cúraim do dhuine i dteach an duine féin i gcomparáid leis an oibreoir a bhíonn lonnaithe in ionad cúraim, a bhíonn in ann cabhair a lorg ar chomhghleacaí ar ghort an bhaile.

Tugann leibhéal gairme an phoist léiriú éigin ar leibhéal na scileanna teanga a bhíonn ag teastáil tríd is tríd. Is féidir léiriú breise a fháil trí bhreathnú ón reachtaíocht, an rialachán, agus na caighdeáin cháilíochta a bhaineann leis an bpost.

Bíonn scileanna teanga¹, ag leibhéal B1 riachtanach i dtíortha éagsúla, beag beann ar éilimh chumarsáide, chun dlíthe bunúsacha sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le gach post a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin tá caighdeáin cáilíochta agus rialacháin náisiúnta a bhaineann le hearnálacha ar leith - sláinte agus cúram sóisialta, mar shampla.

Is fiú aird a thabhairt chomh maith ar an riachtanas atá ag teacht chun cinn, i ngach post, go mbeidh ar chumas oibrithe eolas a phróiseáil agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.

1 Tuiscint ar na leibhéil teanga FTCET

Is caighdeán náisiúnta é an Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha chun cur síos a dhéanamh ar inniúlacht teanga. Tá sé leibhéal ann: A1, A2 (úsáideoir bunúsach), B1, B2 (úsáideoir neamhspleách), C1, C2 (úsáideoir oilte). Bíonn an t-úsáideoir teanga ag leibhéal B1 in ann bunphointí riachtanacha agus tuairimí a chur in iúl i gcomhthéacsanna a bhfuil taithí aige/uirthi orthu.

Téigh sa tóir ar bhreis eolais anseo: www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages



Bealaí le cuidiú le himircigh scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre a fhorbairt

Is féidir cabhrú le himircigh scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre a fhorbairt trí chlár fhoirmeálta foghlama éagsúla. San áireamh, tá

- clár imeasctha agus clár foghlama teanga eile d'imircigh
- clár infhostaitheachta agus réamhfhostaíochta do chuardaitheoirí poist
- gairmchlár do shlíthe beatha sonraithe.

Maidir le himircigh atá i bhfostaíocht cheana féin, is féidir tacaíocht foghlama teanga a chur san áireamh i bhformhór na gclár oiliúna san ionad oibre.

Tagann deiseanna maithe chun cinn chun tacú le forbairt teanga sna próisis a bhaineann le bainistíocht ar dhaoine agus ar fheidhmíocht, cruinnithe maoirseoireachta agus foirne san áireamh.

Is féidir cur leis na deiseanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta seo trí thacaíochtaí a chur ar fáil don fhoghlaim neamhfhoirmeálta san ionad oibre agus sa phobal, mar seo a leanas:

- clár oiliúna agus mheantóireachta
- scéimeanna deonacha páirtíochta
- grúpaí piarthacaíochta
- acmhainní foghlama féinrochtana.

Cén saineolas a theastaíonn chun cabhrú le himircigh a gcuid scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre a fhorbairt?

Tá bealaí éagsúla ann chun cabhrú le himircigh a gcuid scileanna teanga a bhaineann le cúrsaí oibre a fhorbairt, ina measc

- teagasc foirmeálta
- cóitseáil
- grúpaí tacaíochta
- acmhainní foghlama a chur ar fáil.

Bíonn saineolas éagsúil ag teastáil uait dá réir sin. Is cinnte go mbíonn sé go maith tuiscint éigin a bheith agat ar dhá ghné, áfach. Gné amháin is ea foghlaim teangacha – go háirithe céard a chabhraíonn le haosach teanga nua a shealbhú (agus céard a chuireann bac orthu sin a dhéanamh) go baileach. An ghné eile is ea an réimse oibre atá i gceist (fáilteachas, innealtóireacht, cúram sóisialta, etc.).

I gcomhlacht próiseála plaistice...

...Múineann comhghleacaí do bhall foirne imircigh conas cur síos a dhéanamh ar nósanna imeachta oibrithe an innill, díreach ag an inneall féin.





Cad é an t-eolas a bhíonn uainn maidir le foghlaim teangacha?

Foghlaimítear teanga nua trí chumarsáid a dhéanamh inti, go príomha. Is féidir go mbíonn an teagasc foirmeálta an-chabhrach ach ní leor é sin amháin.

Éirimid cumasach tríd an teanga a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh ag ócáidí san fhórsa.

Tarlaíonn cuid mhaith den fhoghlaim go neamh-chomhfhiosach agus bíonn gá le diongbháilteacht thar thréimhse fhada ama, go háirithe chun an leibhéal inniúlachta a bhíonn riachtanach i gcás fhorhmór na bpost a bhaint amach.

Braitheann an dul chun cinn pearsanta ar réimse cúinsí éagsúla, cúinsí a mbíonn idirghaol eatarthu go minic, lena n-áirítear spreagadh; inniúlacht; cúlra oideachais; na teangacha eile atá ag an duine aonair; na deiseanna atá ar fáil don duine aonair; an tacaíocht don fhoghlaim atá ar fáil, agus mar sin de.

I gcomhlacht próiseála bia...

...Cruthaíonn an fhoireann luaschátaí do na príomhthearmaí a úsáidtear san ionad oibre i ndiaidh dóibh freastal ar oiliúint fhoirmeálta teanga. Úsáideann an fhoireann na luaschátaí san ionad oibre chun cabhrú leo an téarmaíocht chuí a úsáid ag an am cuí.

Constaicí roimh imircigh maidir le foghlaim teanga

Seo a leanas cuid den na constaicí a bhíonn roimh imircigh agus iad ag foghlaim teanga

- easpa muiníne chun cumarsáid a dhéanamh sa teanga
- teagmháil an-teoranta le pobal labhartha na teanga
- scileanna litearthachta teoranta
- easpa ama, airgid don teagasc
- easpa eolais maidir le conas teacht ar theagasc teanga
- easpa tacaíochta foghlama ag an ionad oibre féin nó lasmuigh de
- easpa straitéisí pearsanta foghlama éifeachtacha (uaireanta bainneann sé seo le heaspa muiníne as a c(h)umas féin chun foghlama)
- easpa spreagtha chun leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí foghlama teanga.

Caithfear féachaint ar na constaicí seo ar mhaithe le tacaíocht éifeachtach a sholáthar.

Tá sé tábhachtach cuimhneamh chomh maith go bhféadfadh cúinsí pearsanta an imircigh a bheith an-dúshlánach toisc tráma, cúinsí clainne, éiginnteachtaí dlí mar aon le cúinsí eile.

Ar fheirm...

...Tagann bainisteoirí le chéile chun teacht ar aontú maidir leis an téarmaíocht a theastóidh ó fhostaithe do bhuinteoir nua. Díríonn na bainisteoirí ar an téarmaíocht sin le linn oiliúint na bhfostaithe. Scaipeann siad bileoga a thugann brí na dtéarmaí go díreach, le cabhair léaráidí nuair is féidir.



An litearthacht agus an fhoghlaim teanga a bhaineann le cúrsaí oibre

Tá próiseáil faisnéise agus cumarsáid scríofa (trí mheán na teicneolaíochta digití go minic) lárnach i ngach aon phost, poist sóisearacha san áireamh – rud a chiallaíonn gur príomhinniúlacht í an litearthacht san ionad oibre².

Bítear ag súil le muinín litearthachta chomh maith le scileanna staidéir san fhoghlaim fhoirmeálta teanga (foghlaim féinrochtana ar líne san áireamh). Ní bhíonn na scileanna seo ag gach aon imirceach, dá réir sin d'fhéadfadh tacaíocht chun na scileanna seo a fhorbairt a bheith fíorluachmhar dó/di.

Céard is 'litearthacht d'aoisigh' ann?

Is féidir sainchur síos a dhéanamh ar litearthacht d'aoisigh mar chumas chun léitheoireachta agus chun scríbhneoireachta ag an leibhéal a bhíonn riachtanach don aosach chun a bheith in ann feidhmiú agus dul chun cinn a dhéanamh san ionad oibre agus sa tsochaí go ginearálta. Eochair í an litearthacht don tsaoránacht agus do dheiseanna gnóthaithe poist chomh maith.

Ní rud seasta í an litearthacht. Bíonn sí (mar a bhíonn teangacha iad féin) fite fuaite i gcleachtais shóisialta i.e. an comhthéacs ina n-úsáidtear í. Is féidir a bheith níos liteartha i gcomhthéacs amháin thar chomhthéacs eile, cf. téarmaí mar 'litearthacht airgeadais', 'litearthacht dhigiteach' agus 'litearthacht eolaíochta'. Ina theannta sin, tagann athrú uirthi thar sheal ama (mar a tharlaíonn le teangacha, arís eile) de réir mar a fhorásann an tsochaí féin agus cúrsaí teicneolaíochta.

² OECD (2016), "How skills are used in the workplace", in *Skills Matter: Further Results from the Survey of Adult Skill*. Paris: OECD Publishing. DOI: <http://dx.doi.org/10.1787/9789264258051-7-en>

Contanam scileanna a bhíonn i gceist le scileanna litearthachta agus is minic a bhaineann daoine leas as tacaíocht nuair a bhíonn orthu aghaidh a thabhairt ar thasc nua litearthachta, cineál nua foirme a bheith le líonadh acu, mar shampla.

Cén fáth a mbeadh teorainn le scileanna litearthachta agus/nó staidéir an imircigh?

- Gan aon réamhtheagmháil a bheith acu le haibítir na tíre
- Gan aon réamhtheagmháil a bheith acu leis na cleachtais shóisialta a bhaineann le cúrsaí litearthachta na tíre, lena n-áirítear na gnáthnósanna litearthachta in ionaid oibre na tíre
- Gan aon réamhtheagmháil a bheith acu le modhanna foirmeálta foghlama na tíre
- Drochthaithe ar scoil
- Deacrachtaí foghlama a bhaineann le cúrsaí litearthachta, disléicse, mar shampla.

I dteach cúraim ...

... Roinneann an bainisteoir eolas leis an bhfoireann ag an gcruinniú foirne agus ligeann sé don fhoireann an t-ábhar a phlé ina mbeirteanna ansin. Cuireann an bainisteoir cainteoirí dúchais ag obair le himircigh le bheith cinnte go dtuigeann gach duine an cúram.



Cumasóirí maidir le foghlaim teangacha d'imircigh

Tagann imircigh ó chúlraí ilchineálacha sa lá atá inniu ann. Mar fhoghlaimoírí teanga, áfach, rachaidh na gníomhartha seo a leanas chun leasa gach aon imirceach.

Misneach agus tacaíocht don foghlaim

Caithfidh an foghlaimoír a bheith oscailte don foghlaim (i.e. glacadh leis an bhfoghlaim) chun an teanga a shealbhú. Chun dul chun cinn a dhéanamh, tá sé tábhachtach go spreagtar iad agus go n-aireoidh siad go bhfuil siad in ann an teanga a fhoghlaim. Cuireann an misneach agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil le mothúcháin dhearfacha na n-imirceach i leith na foghlama agus cuidíonn sé leo coinneáil leis an bhfoghlaim.

Deis an teanga a úsáid san fhórsa

Chun inniúlacht chumarsáideach a bhaint amach, caithfidh teagmháil a bheith ag imircigh leis an teanga dhílis féin – idir labhartha agus scríofa – chomh minic agus is féidir. Teastaíonn an méid is mó deiseanna agus atá siad in ann chun an teanga a chleachtadh. Is fearr a théann fíordheiseanna idirchaidrimh agus fíordheiseanna fiúntacha chun leasa an fhoghlaimoír.

In ospidéal...

... Cuireann altraí script ar fáil chun cabhrú leis na himircigh ar an bhfoireann beannú do chuariteoirí agus fiosrúcháin ar an nguthán a fhreagairt mar is cuí.

Ar chúrsa maidir le cúram sláinte in ollscoil...

...Glacann foghlaimoírí imirceacha páirt i mbréagchásanna cliniciúla idirghníomhacha chun cleachtadh a fháil ag úsáid na teanga i gcomhthéacs.

Cabhair chun an teanga a thabhairt faoi deara agus chun struchtúr na teanga a thuiscint

Chun leas iomlán a bhaint as an teagmháil a bhíonn acu leis an teanga agus as a gcuid cumarsáide leis, caithfidh foghlaimeoirí aird a bheith acu ar úsáid na teanga, an fhoghraíocht agus an ghramadach san áireamh. Is mór an chabhair dóibh í an tacaíocht chun staidéar a dhéanamh ar na gnéithe seo.

Cabhair chun na noirm shóisialta agus na hionchais maidir leis an gcumarsáid a thabhairt faoi deara agus a thuiscint

Chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh caithfidh tuiscint a bheith ag an bhfoghlaimeoir ar na noirm shóisialta agus ar na hionchais a bhaineann le cumarsáid, go háirithe san ionad oibre.

Aiseolas ceartaitheach

Cuidíonn an t-aiseolas ceartaitheach le foghlaimeoirí conas mar a fheidhmíonn an teanga a thabhairt faoi deara, conas a gcuid earráidí a aithint agus conas cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh. Chomh maith leis sin, nuair a bhíonn an t-aiseolas pearsanta agus cuiditheach, spreagann an t-aiseolas ceartaitheach an duine aonair go mór.

Cabhair chun straitéisí foghlama atá éifeachtach agus pearsanta a fhorbairt

Chun dul chun cinn a dhéanamh, beidh ar imircigh aon oiliúint fhoirmiúil agus an fhoghlaim neamhfoirmeálta, féinstiúrtha a neartú agus a leathnú. Chun sin a dhéanamh, beidh straitéisí foghlama a bheidh oiriúnach ar bhonn pearsanta ag teastáil uathu.



Cabhrú le himircigh foghlaim a dhéanamh taobh amuigh den seomra ranga

Bíonn deiseanna foghlama neamhfhoirmeálta teanga mórthimpeall ag imircigh, beag beann ar ranganna foirmiúla a dhéanann siad freastal orthu, más ann. I measc na ndeiseanna foghlama luachmhaire neamhfhoirmeálta atá ann tá: idirghníomhaíochtaí sóisialta, teagmháil le seirbhísí poiblí, nuacht agus na meáin shiamsaíochta, acmhainní foghlama ar líne agus, dóibh siúd a bhfuil fostaíocht acu, an obair féin.

Gach seans go mbainfidh daoine muiníneacha a bhfuil taithí acu ar fhoghlaim teangacha leas as na deiseanna seo, ach tá seans ann nach mbainfidh imircigh le níos lú muiníne agus níos lú taithí ar fhoghlaim teangacha an oiread céanna leasa as.

Cabhrú le himircigh leas níos fearr a bhaint as deiseanna foghlama teanga neamhfhoirmeálta

- Treoir a thabhairt d'imircigh maidir le foghlaim teanga ar bhonn neamhfhoirmeálta, e.g. mar chuid de chlár chomhtháthaithe agus foirmiúla ar fhoghlaim teanga
- Feasacht a ardú go forleathan sa phobal ar an ról luachmhar a imríonn comharsana agus comhghleacaithe oibre, seirbhísí poiblí, na meáin agus fostóirí ag cabhrú le himircigh tabhairt faoin bhfoghlaim neamhfhoirmeálta
- Oiliúint a thairiscint d'fhostaithe, do sholáthróirí seirbhísí poiblí (siopaí agus caiféanna san áireamh), d'eagraíochtaí pobail maidir le conas idirghníomhú le himircigh i slite a chuirfeadh lena scileanna teanga.

Bí san airdeall ar an sáinn a bhaineann le teanga teoranta agus pá íseal

Bíonn cruachás roimh imircigh le scileanna teanga teoranta agus le hacmhainní airgeadais teoranta a thagann chuig tír ar bith. Bíonn orthu obair a aimsiú agus líonra tacaíochta a fhorbairt chomh tapa agus is féidir, ach bíonn siad teoranta do phoist d'oibrithe ar bheagán oiliúna amháin, agus do chairde a labhraíonn a dteanga féin amháin, de dheasca easpa scileanna teanga a bheith acu féin.

Is beag pá a thuilltear i saothar ar bheagán oiliúna agus is beag tacaíocht don fhorbairt teanga a bhíonn ann, má bhíonn aon tacaíocht ar bith ann. Bíonn ar imircigh uaireanta fada a oibriú chun airgead a thuilleamh, níos a fhágann iad le beagán ama, airgid nó fuinnimh chun teanga a fhoghlaim.

Bíonn siad i measc cairde agus gaolta a labhraíonn a dteanga féin taobh amuigh den saol oibre. Cé go bhfuil cónaí orthu i dtír éagsúil, seans maith go mbíonn an deis a bhíonn acu idirghníomhaíocht a dhéanamh i dteanga na tíre sin an-teoranta.

An tacaíocht foghlama san ionad oibre

Leis an tacaíocht chuí, cuireann an t-ionad oibre go leor deiseanna ar fáil chun teanga a fhorbairt. Bíonn luach ar leith ag baint leis an tacaíocht a fhaigheann imircigh i bpoist ar phá íseal, dóibhsean nach bhfaigheann ach seans réadúil amháin chun teanga a fhoghlaim san ionad oibre féin (féach *Bí san airdeall ar an sáinn a bhaineann le teanga teoranta agus pá íseal* ar leathanach 14).

Féach *Roinnt slite praiticiúla chun tacú le scileanna teanga a fhorbairt san ionad oibre* ar leathanach 16. I gcás go mbíonn maoiniú agus acmhainní eile de dhíth chun tacaíocht a chur ar fáil, is mór an chabhair í má thagann fostóirí, soláthróirí cúrsaí agus an stát (ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta) le chéile mar pháirtithe straitéiseacha.



I dtrádstóras...

...Cothaíonn an ceann foirne meon an rannpháirteachais i measc na foirne ag cinntiú go mbíonn na himircigh páirteach i gcomhráite foirne ag sosanna agus ag am lóin.



Conas tacaíocht na mbainisteoirí a fháil

De ghnáth, tacóidh fostóirí agus a mbainisteoirí le tograí oideachais má fheiceann siad go mbeidh

- buntáiste dhíreach ann don eagraíocht (i.e. cuidiú le spriocanna eagraíochtúla a bhaint amach)
- meas ar thosaíochtaí oibriúcháin agus ar bhaic na heagraíochta (e.g. deacracht scaoileadh le foireann chun freastal ar fhoghlaím sa seomra ranga le linn uaireanta oibre).

D'fhéadfadh go mbeadh spéis ar leith ag bainisteoirí éagsúla thar a chéile sa togra. Chun a dtacaíocht a fháil caithfear an caidreamh leo a chothú agus a gcuid muiníne a ghnóthú. Déantar sin trí chluas éisteachta a thabhairt dá dtosaíochtaí agus dá gcúiseanna inní. Fiosraigh cad atá á dhéanamh acu cheana féin chun tacú le foireann, e.g. trí ghairmoiliúint, feitheoireacht agus obair foirne. Cá bhfeiceann siad go mbeadh tacaíocht bhreise de dhíth?

Déan machnamh ansin ar conas mar a thacódh an togra oideachais atá á chur chun cinn agat leis na bainisteoirí a gcuid spriocanna a bhaint amach. Déan tuairimí na mbainisteoirí a lorg. Conas is féidir é a

I gcomhlacht glantacháin...

...Tá fonn ar an mbainisteoir an lámhleabhar d'fhostaithe a dhéanamh níos soléite d'imircigh ar an bhfoireann. Caitheann an múinteoir cúpla uair an chloig leis an mbainisteoir ag dul tríd an lámhleabhar agus ag cabhrú leis/léi chun athscríobh a dhéanamh air i dteanga a bheidh níos sothuigthe d'imircigh ar an bhfoireann. Cothaítear caidreamh idir an múinteoir agus an bainisteoir agus foghlaimíonn sé/sí faoin ngnó trí shúile an bhainisteora.

fheabhsú? Déan do thogra a chur in oiriúint mar is cuí chomh fada agus is féidir leat.

Labhair leis an bhfoireann chomh maith (imircigh agus foireann nach imircigh iad araon). Bailigh fianaise ar an spéis atá acu sa togra atá beartaithe. Seans go gcuideoidh seo le bainisteoirí a bhfuil amhras orthu a mhealladh.

Agus do thogra á dhearadh agat, díriú ar dheiseanna a rachaidh chun leasa na foirne uile, bainisteoirí iad féin ina measc. D'fhéadfaí na gnéithe seo a leanas a bheith san áireamh

- cóitseáil neamhfhoirmeálta do bhainisteoirí ar scileanna cumarsáide agus ar fheasacht chultúrtha
- oiliúint fhoirmiúil ar an éagsúlacht, mar shampla.

Leideanna don ionad oibre

Bíodh meas agat ar chliarlathais na bhfostóirí agus ar na próisis fhoirmiúla cinnteoireachta, ach bíodh aird agat ar na caidrimh inmheánacha, agus bíodh a fhios agat go mbíonn tionchar ag cinnteoirí ag gach aon chéim den eagraíocht, foireann ar an urlár agus oifigigh an cheardchumainn san áireamh.

Déan iarracht gan a bheith ag brath an iomarca ar thacaíocht duine ar leith. Ná creid gach a ndeirtear leat. Bíonn dhá thaobh nó níos mó ar gach scéal in aon ionad oibre i gcónaí. Bailigh an oiread eolais agus is féidir sula dtagann tú ar chinneadh.

Bíodh meas agat i gcónaí ar rúndacht an duine aonair agus cuimhnigh go bhfuil baol ann go ndéanfar athrá ar a bhfuil ráite agat féin.

Mar phrionsabal ginearálta: “labhraíonn eolas, éistean eagna”.

Roinnt slite praiticiúla chun tacú le scileanna teanga a fhorbairt san ionad oibre

Cinntigh go bhfuil an chumarsáid san ionad oibre soiléir agus sothuigte

Déan athbhreithniú ar shoiléireacht agus ar shothuigteacht na cumarsáide labhartha agus scríofa san ionad oibre. An mbaintear úsáid as teanga ghonta shoiléir i gcáipéisí? An labhraíonn bainisteoirí agus maoirseoirí i mbealaí a dtuigfidh na himircigh iad.

Tacú leis an bpiarfhoghlaim, le cóitseáil agus le meantóireacht

Cabhraigh le himircigh ar an bhfoireann cur lena scileanna teanga trí chomhpháirtíocht a chruthú dóibh le comhghleacaithe a bhfuil ardchumas sa teanga acu. Tacaigh le himircigh ar an bhfoireann teacht le chéile i ngrúpaí staidéir neamhfhoirmeálta san ionad oibre. Spreag an fhoireann chun feidhmiú mar “laochra teanga” agus cuir oiliúint ar fáil dóibh ar conas cóitseáil nó meantóireacht a dhéanamh ar chomhghleacaithe imirceacha.

Tacaigh leis an bplé machnamhach san ionad oibre

Téann an deis chun plé a dhéanamh ar a c(h)uid oibre chun leasa gach ball den fhoireann. Bíonn na deiseanna plé seo an-luachmhar do na himircigh ar an bhfoireann go háirithe. Ní hamháin go gcruthaíonn siad deis don imirceach cleachtadh a dhéanamh ar scileanna teanga, ach tugann sé deis dóibh an tuiscint atá acu ar choincheapa cultúrtha agus ar thuiscintí a imríonn tionchar ar conas mar a úsáidtear teanga a mhéadú.

Cuir liostaí den phríomhthéarmaíocht ar fáil

Bailigh téarmaíocht thábhachtach a úsáidtear go minic, e.g. dlúththéarmaí a bhaineann le cleachtais oibríochtúla, seirbhís do chustaiméirí, ceisteanna fostaíochta, etc., agus bíodh na liostaí seo ar fáil go héasca d'imircigh ar an bhfoireann, leagan digiteach san áireamh.

Cuir oiliúint ar bhainisteoirí agus ar mhaoirseoirí maidir le conas treoracha a roinnt

Taispeáin do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí conas rudaí a mhíniú in abairtí gearra, le go leor athrá, ag léiriú céard atá i gceist leis ag an am céanna, e.g. 'Tógaim an scanóir láimhe agus déanaim an cód-EAN a scanadh. Brúim an cnaipe agus fanaim leis an mblíp. Bíonn an pacáiste cláraithe agam ansin.'

Cruinnithe tacaíochta le heochairfhocail ar smeach-chairteacha agus ar chártaí

Roimh chruinniú, déan amharcléiriú ar cheisteanna tábhachtacha trí eochairfhocail a úsáid i scríbhneoireacht shoiléir ar chártaí móra, ar smeach-chairteacha etc. Leag amach iad sa tslí go mbeidh gach duine ag an gcruinniú in ann iad a fheiceáil. Déan iad a mhíniú i mbeagán focal ag tús an chruinnithe agus mínigh arís iad ansin nuair a thagtar chomh fada leo arís le linn an chruinnithe.

Cuir cáipéisí ar fáil roimh ré

Cuir an cháipéisíocht chuí ar fáil don fhoireann chun athbhreithniú a dhéanamh uirthi roimh aon chruinniú nó roimh aon ghníomhaíocht sa chaoi is go mbíonn deis ag an bhfoireann dul tríd an gcáipéis ar a luas féin agus cabhair a fháil má theastaíonn sé.

Bain leas as an teicneolaíocht dhigiteach

Spreag an fhoireann an leas is fearr agus is féidir a bhaint as na huirlisí éagsúla atá ar fáil sa teicneolaíocht dhigiteach chun tacú le forbairt a dhéanamh ar scileanna teanga, a áiríonn foclóirí ar líne, aistriúchán uathoibríoch, litreoirí, áiseanna gramadaí, feidhmeanna taifid clos-amhairc, etc., chomh maith le cúrsaí ar líne (cuid mhaith acu ar fáil saor in aisce). Is féidir aipeanna a úsáid chun deasc chabhrach fhíorúil a sholáthar d'fhoghlaimoirí, agus is féidir ceisteanna a bhaineann leis an teanga a sheoladh chuige sin.

Spreag imircigh ar an bhfoireann chun an téarmaíocht a thabhairt faoi deara

Mol d'imircigh téarmaíocht, nach bhfuil taithí acu uirthi, a thagann chun cinn san ionad oibre a bhreacadh síos chun é a phlé ag am níos faide anonn. Cuideoidh seo leo níos mó neamhspleáchais a bheith acu mar fhoghlaimoirí.

Cabhraigh le bainisteoirí, le maoirseoirí agus le comhghleacaithe tuiscint a fháil ar cathain is ceart dóibh earráidí teanga na foirne imircí a cheartú

D'fhéadfadh go gcuirfeadh ceartú earráidí le linn idirghníomhaíochta bac ar an gcumarsáid. Aontaigh cathain a dhéanfar an ceartúchán roimh ré. Caithfear, ár ndóigh, earráid a d'fhéadfadh mhíthuiscint a chothú a cheartú ar an toirt.

Cabhraigh le bainisteoirí, le maoirseoirí agus le comhghleacaithe conas cúrsaí tuisceana a sheiceáil

Ní haon chabhair í ceist mar 'An dtuigeann tú?'. An freagra a fhaightear go rí-mhinic is ea 'Tuigeann'. Moltar ceisteanna oscailte a mbeidh gá don duine a léiriú go dtuigeann siad, e.g. 'Cad iad na hábhair a úsáidtear le haghaidh seo, más é do thoil é?' nó 'Cad í an chéad chéim a ghlacfaidh tú?'

Tabhair aitheantas agus déan an fhoireann a chúiteamh dá gcuid foghlama

Baineann iarracht mhór le teanga nua a fhoghlaim faoi bhrú an ghnáthshaoil agus an tsaoil oibre. Déan an obair sin a aithint tríd iarrachtaí na foirne imircí a thréaslú leo agus a gcuid dúthrachta a chúiteamh leo.

Cuimhnigh, dá mhéad rannpháirtíochta ó bhainisteoirí áitiúla is amhlaidh is fearr é.



Tuilleadh eolais ar conas scileanna teanga a bhaineann leis an ionad oibre a fhorbairt

An Líonra Teanga don Ionad Oibre

Is eagraíocht bhallraíochta neamhbhrabúis é an Líonra Teanga don Ionad Oibre, agus is ar bhonn deonach a bhíonn na baill ag obair chun

- feacht ar fhoghlaim teanga a bhaineann leis an ionad oibre a ardú agus chun an fhoghlaim sin i measc imircigh aosaigh agus mionlaigh eitneacha ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach a chur chun cinn
- gach duine atá ag obair sa ghort seo a chumasú chun saineolas agus acmhainní a roinnt lena chéile
- deiseanna líonraithe agus forbartha proifisiúnta a sholáthar
- tacú le múnlaí teoriciúla, coincheapúla, múnlaí cleachtais, creataí cáilíochta a fhorbairt.

Láithreán gréasáin: <https://languageforwork.ecml.at>

Áislann an Líonra

Tá réimse leathan acmhainní saor in aisce, maidir le gach gné a bhaineann le scileanna teanga don ionad oibre d'imircigh aosaigh agus do mhionlaigh eitneacha, ar fáil in áislann an Líonra ar líne.

Láithreán gréasáin: <https://languageforwork.ecml.at/ResourceCentre>



www.ecml.at


www.coe.int

Is institiúid de chuid Chomhairle na hEorpa é an Lárionad Eorpach um Nuatheangacha a chuireann feabhas in oideachas teangacha chun cinn i measc na mballstát.

Is í Comhairle na hEorpa an phríomheagraíocht i leith chearta an duine ar an mór-roinn. Cuimsíonn sé 47 ballstát, le 28 díobh sin ina mbaill den Aontas Eorpach.

Chomhaontaigh gach ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, conradh atá leagtha amach chun cearta an duine, daonlathas agus riail an dlí a chosaint. Déanann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine maoirsiú ar chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin sna ballstáit.

GA



www.ecml.at/languageforwork